# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2022

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

### RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

**Scrúdú scríofa: 300 marc**
**Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

### DÉ CÉADAOIN, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00-4.50

**Treoracha d'iarrthóirí:**

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 5)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 agus Roinn 3 (200 marc)**

Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 6 *agus*
An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist **amháin** as gach ceann de **dhá** thopaic.

| |
|---|
| Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.<br>Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é. |

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid**:**
***Conspóid Ollscoil Chúil Raithin***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) I ndoiciméad A, cén fáth a raibh an cruinniú poiblí ar siúl?

   (b) I ndoiciméad A, cén cineál agóide ar shocraigh an Coiste um Ollscoil do Dhoire uirthi?

   (c) Cén fáth, i ndoiciméad B, a rabhthas ar buile leis na "Fir gan Ainm"?

   (d) Cén ceacht a d'fhoghlaim muintir Dhoire, de réir dhoiciméad B?

(20)

2. (a) An bhfuil an dá dhoiciméad ar aon intinn faoina raibh molta ag Coiste Lockwood agus faoi fhreagairt an rialtais ar a chuid moltaí? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

   (b) An bhfuil sé le tuiscint ón dá dhoiciméad go raibh Náisiúnaithe agus Aontachtaithe araon in aghaidh mholtaí Lockwood? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

(20)

3. (a) Cad iad na bealaí a léiríonn doiciméad A an luach a bhaineann le dírbheathaisnéis mar ábhar foinse stairiúil? Bíodh tagairt mhionsonraithe agat don doiciméad i do fhreagra.

   (b) An measfá gur foinse oibiachtúil é doiciméad B? Tabhair fáthanna le do fhreagra, agus tagairt agat don doiciméad.

(20)

4. Conas a chuir conspóid Chúil Raithin agus ábhair eile leis an teannas i nDoire idir lár agus deireadh na 1960idí?

(40)

**- Doiciméad A -**

**Bhí an tEaspag Edward Daly (1933-2016) ina shagart i nDoire in 1965. Sa sliocht coimrithe seo a leanas as a dhírbheathaisnéis, déanann Daly cur síos ar an bhfreagairt i nDoire ar na ráflaí nach mbeadh an dara hollscoil i dTuaisceart Éireann lonnaithe sa chathair.**

Bhí cruinniú poiblí ag a raibh slua mór i láthair ar siúl sa Halla Cathrach go luath i mí Feabhra. Ba é sin an chéad uair dom ag cruinniú poiblí den chineál sin. Bhí an dá thaobh, Náisiúnaithe agus Aontachtaithe, ansin ina sluaite agus iad go léir ar aon intinn. Tugadh óráidí dúthrachtacha. Bhí sé thar a bheith deacair a chreidiúint go bhféadfadh Lockwood teacht ar an gconclúid ar tháinig sé uirthi, de réir tuairisce.

Bunaíodh Coiste um Ollscoil do Dhoire agus cinneadh go n-eagrófaí mótarshlua chuig teach na parlaiminte ag Stormont [Béal Feirste] ar an Déardaoin, 18 Feabhra. Rinne breis agus 20,000 duine agus formhór na ngluaisteán sa chathair an turas. Ba é sin an chéad uair dom ag Stormont. Bhí an foirgneamh ollmhór ar thaobh an chnoic agus an cabhsa fada suas chuige an-suntasach. Bhí an líon ollmhór daoine a bhí bailithe os comhair theach na parlaiminte chomh suntasach céanna.

B'agóid chumhachtach í, ach thug Terence O'Neill, a bhí in ainm a bheith liobrálach, droim láimhe di. Chinn rialtas Stormont an dara hollscoil sa Tuaisceart a lonnú i gCúil Raithin. Tháinig sé chun solais ina dhiaidh sin nár thacaigh roinnt Aontachtaithe suntasacha, saoránaigh mór le rá de chuid Dhoire, leis an gcathair mar shuíomh don dara hollscoil. Bhí mórán de mhuintir Dhoire ar buile. Ní bheadh rudaí mar an gcéanna go deo arís.

Foinse: Edward Daly, *Mister, Are You a Priest?* (Baile Átha Cliath, 2000).

**- Doiciméad B -**

**Ba cheardchumannaí agus gníomhaí ar son cearta daonna í Inez McCormack (1943-2013). Sa sliocht coimrithe seo a leanas, smaoiníonn sí siar ar a cuid laethanta mar mhac léinn i nDoire.**

Ba chúlra Protastúnach a bhí agam féin agus d'fhreastail mé ar Ollscoil Mhig Aoidh i nDoire. Nuair a bhí mé ag staidéar ansin, moladh i dTuarascáil Lockwood go mbeadh ollscoil nua do Thuaisceart Éireann suite i gCúil Raithin, ag seachaint Dhoire, a raibh bunús campais ann. Ba chinneadh polaitiúil gan náire a bhí ann agus bhí muintir na cathrach aontaithe ina gcuid feirge.

Bhí an fhearg dírithe ar an "Seachtar Fear gan Ainm", mar a tugadh orthu ina dhiaidh sin. Ba shaoránaigh shuntasacha de chuid na nAontachtaithe a bhí iontu agus rinneadh comharbaí nua-aimseartha Lundy [fealltóirí] díobh mar gur chuir siad cás Chúil Raithin chun tosaigh ar chás a gcathrach féin ar chúiseanna seicteacha.

Mar thoradh ar mhothú an phobail, rinneadh gníomh díreach a bhí measartha go maith nuair a eagraíodh mótarshlua chun dul go Stormont don díospóireacht ar Thuarascáil Lockwood. Le linn na díospóireachta rinne Desmond Boal, Feisire Parlaiminte Aontachtach a raibh dearcadh neamhspleách aige, ionsaí fíochmhar ar an rialtas Aontachtach.

Cé gur theip ar an iarracht aitheantas a thabhairt do Dhoire, múineadh ceacht do mhuintir Dhoire maidir le heagrú, ceacht a bheadh an-tairbheach dóibh roinnt blianta ina dhiaidh sin nuair a d'éirigh an chathair amach go síochánta agus go diongbháilte i gcoinne an stáit sin a rinne an oiread sin iarrachtaí iad a náiriú.

Foinse: Michael Farrell (eagarthóir), *Twenty Years On* (An Daingean, 1988).

## ROINN 2: ÉIRE

*Éire: Topaic 1*
**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh héifeachtach is a bhí freagairtí rialtais agus príobháideacha don Ghorta Mór? (100)
2. Cad a chuir iarnróid agus/nó forbairt thionsclaíoch i mBéal Feirste leis an tsochaí agus leis an ngeilleagar? (100)
3. Cé chomh héifeachtach agus a bhí an Fíníneachas, sa bhaile agus thar lear? (100)
4. Cad a chuir an Cairdinéal Paul Cullen agus/nó an Mháthairab Mary Aikenhead leis an saol in Éirinn? (100)

*Éire: Topaic 2*
**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a chuir Michael Davitt agus/nó Charles Stewart Parnell leis an gcorraíl faoi chúrsaí talún agus leis an leasú ar chóras na talún? (100)
2. Cén fáth a raibh stailc agus frithdhúnadh Baile Átha Cliath, 1913, conspóideach? (100)
3. Cén fáth ar fhorbair Aontachtas na hÉireann le linn na tréimhse 1870-1914 agus conas a rinne sé é sin? (100)
4. Le linn na tréimhse 1870-1914, cén tionchar a bhí ag dhá cheann acu seo a leanas ar shaol na hÉireann: CLG; comhdhlúthú an ionannais Chaitlicigh; Conradh na Gaeilge? (100)

*Éire: Topaic 3*
**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1912-1920, cad iad na tosca a chuir le críochdheighilt na hÉireann? (100)
2. Conas a d’fhreagair an páirtí Aontachtach agus é i gcumhacht do na dúshláin a bhí roimhe, 1920-1945? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag Comhdháil Chorp Chríost, 1932, ar shaol na hÉireann? (100)
4. Le linn na tréimhse 1923-1945, cén fáth a raibh sé deacair ar rialtais na hÉireann rath eacnamaíoch a bhaint amach? (100)

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a d'athraigh an eisimirce saol na ndaoine a d'fhág Éire le linn na tréimhse 1840-1920? (100)
2. Cad a d'fhoghlaim tú faoi shaol agus faoi scríbhneoireacht Domhnaill Mhic Amhlaigh agus/nó faoin méid a chuir Maureen O'Hara le cruthú íomhánna Éireannacha tríd an scannánaíocht? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag Joe Kennedy agus/nó ag John F. Kennedy ar ghnóthaí Gael-Mheiriceánacha agus ar ghnóthaí na hÉireann? (100)
4. Cén ról a bhí ag beirt díobh seo a leanas i ndiaspóra na hÉireann: An tArdeaspag Daniel Mannix; An Mháthairab Mary Martin; An tEaspag Edward Galvin? (100)

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a neartaigh Lemass agus Whitaker an geilleagar agus/nó conas a rinne siad iarracht an caidreamh le Tuaisceart Éireann a fheabhsú ? (100)
2. Le linn na tréimhse 1973-1989, cén tionchar a bhí ag an mbaint a bhí aici le CEE ar Phoblacht na hÉireann? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag an Ardeaspag John Charles McQuaid agus ag an Dara Comhairle Vatacánach ar shaol na hÉireann? (100)
4. Le linn na tréimhse 1949-1989, cad iad na forbairtí a tharla in dhá cheann díobh seo a leanas: oideachas; tithíocht; craoltóireacht? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tábhacht a bhain le beirt díobh seo a leanas: Feargus O'Connor; Robert Owen; Robert Peel? (100)
2. Le linn na tréimhse 1815-1871, an aontófá go raibh an Fhrainc míshocair ó thaobh na polaitíochta agus táirgiúil ó thaobh an chultúir? (100)
3. Cé chomh héifeachtach agus a bhog Giuseppe Mazzini agus/nó Otto von Bismarck a thír i dtreo na haontachta? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag na heaglaisí ar athruithe sóisialta sa Fhrainc agus/nó sa Bhreatain? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1871-1914, cén teannas a tháinig chun cinn don Ghearmáin as dhá cheann díobh seo a leanas: an caidreamh idir an Eaglais agus an Stát faoi Bismarck; polasaí eachtrach Bismarck; polasaí cabhlaigh Wilhelm II? (100)
2. Cén tionchar a bhí ag an bhfrith-Sheimíteachas ar an bhFrainc agus/nó ar an Rúis? (100)
3. Cad a d'fhoghlaim tú faoi litríocht an Chéad Chogaidh Dhomhanda nó faoi mhná san fhórsa saothair le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda? (100)
4. Le linn na tréimhse 1871-1920, cad a bhí mar phríomhfhorbairtí san eolaíocht, sa teicneolaíocht, agus sa mhíochaine? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar ghlac an Iodáil agus/nó an Ghearmáin an deachtóireacht chucu féin sa tréimhse idir an dá chogadh? (100)
2. Cad iad na príomhdhúshláin shóisialta agus eacnamaíochta a bhí roimh an mBreatain le linn na tréimhse 1920-1939? (100)
3. Cad iad na tréithe a bhain le ceannaireacht Stalin le linn síochána agus le linn cogaidh? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag an gcultúr coitianta Angla-Mheiriceánach ar an Eoraip? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1945-1992, conas a thosaigh agus a d'fhorbair an Cogadh Fuar san Eoraip? (100)
2. Conas a d'fhorbair CEE le linn na tréimhse 1957-1992? (100)
3. Cad iad na nithe a bhain Margaret Thatcher amach mar cheannaire polaitiúil agus cad iad na teipeanna a bhí aici? (100)
4. Le linn na tréimhse 1945-1992, cén tionchar ar shaol na hóige a bhí ag hathruithe ar chultúr na hóige agus ar chultúr an phobail (an spórt san áireamh) agus/nó leis na meáin chumarsáide? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a chuir Mohandas Gandhi nó David Ben-Gurion le gnóthaí a thíre? (100)
2. Le linn na tréimhse 1945-1990, cén fáth ar chúlaigh tíortha na hEorpa ón Afraic? (100)
3. Cad iad na fadhbanna inmheánacha agus seachtracha a bhí ag an Indinéis faoi cheannas Sukarno agus cé chomh héifeachtach agus a bhí a chuid iarrachtaí iad a réiteach? (100)
4. Cén éifeacht a bhí ag scaipeadh an chreidimh Ioslamaigh san Afraic agus/nó san Eoraip? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh héifeachtach agus a chuaigh ceannairí SAM i ngleic le fadhbanna a chruthaigh dhá cheann díobh seo a leanas: An Chóiré; Cúba; Vítneam? (100)
2. Cad iad na príomhfhorbairtí a tharla sa chaidreamh idir ciníocha, 1945-1989? (100)
3. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhain le geilleagar SAM, 1945-1989? (100)
4. Cad a chuir beirt díobh seo a leanas le saol Mheiriceá: Betty Friedan; Billy Graham; Marilyn Monroe? (100)

**Fógra cóipchirt**

D’fhéadfadh sé go bhfuil téacs nó íomhánna ar an scrúdpháipéar seo nach bhfuil cóipcheart ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit orthu agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

An Ardteistiméireacht - Ardleibhéal

# Stair

Dé Céadaoin 15 Meitheamh
Tráthnóna 2:00 - 4:50